

# 2003 – Rásaíocht Capall Éireann - Tuarascáil Bhliantúil

HORSE RACING
IRELAND
www.hri.ie

# 2003 – Rásaíocht Capall Éireann - Tuarascáil Bhliantúil

**Clár an Ábhair**


| | |
|---|---|
| Ich 02 | Ráiteas Misin |
| Ich 03 | Baill an Bhoird, POF agus Coistí HRI |
| Ich 05 | Ráiteas an Chathaoirligh |
| Ich 07 | Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh |
| Ich 15 | Athbhreithniú ar Rásaíocht na hÉireann |
| Ich 19 | Staitisticí Tionscail |
| Ich 30 | Tuarascálacha Iniúchta agus Ráitis Airgeadais an Ghrúpa |
| Ich 41 | Nótaí le cur leis an Ráiteas Airgeadais |

## **Ráiteas Misin**

Chun Éire a fhorbairt agus a chur chun cinn mar ionad barr feabhais domhanda do rásaíocht agus pórú capall.

Agus a mhisean don chéad chúig bliana eile á aithint aige, tá béim leagtha ag HRI ar áit na hÉireann sa tionscal idirnáisiúnta rásaíochta agus pórú capall araon, agus ar cháilíocht an táirge atá á sholáthar do ghnáthóirí rásaí.

Tá leanúnachas cistithe, atá de dhíth le straitéisí a fhorbairt chun an misean a chur i gcrích, mar eochaireilimint an Phlean.

Is maíomh réalaíoch é go bhfuilimid mar ionad barr feabhais domhanda, agus léireofar buntáistí na straitéisí leanta leis an misean a chur i gcrích i dtimpeallacht eacnamaíocha, chultúrtha agus shóisialta na tíre.

Cuireann an misean seo luachanna agus bunchuspóir na heagraíochta in iúl.

# 2003 – Baill an Bhoird agus POF HRI

## Baill an Bhoird agus na gCoistí – 2003

**Bord HRI**

**Denis Brosnan** - Cathaoirleach

**Pierce Molony** - Leaschathaoirleach
Ionadaí ón gComhlacht Rialaitheach Rásaíochta

**Eddie Browne** - Ionadaí Daoine Fostaithe sa Tionscal Rásaíochta Capall

**Dermot Cantillon** - Ionadaí Póraitheoirí Capaill Rása

**Frank Clarke** - Ionadaí ón gComhlacht Rialaitheach Rásaíochta

**Roy Craigie** - Ionadaí ón gComhlacht Rialaitheach Rásaíochta

**Jerry Desmond** - Ionadaí na Ráschúrsaí

**William Flood** - Ionadaí ón gComhlacht Rialaitheach Rásaíochta

**Jessica Harrington** - Ionadaí Traenálaithe Capaill Rása

**John Kidd** - Ionadaí Daoine Fostaithe i dTionscal Rásaíochta Capall Thuaisceart Éireann

**Dan Kirwan** - Ionadaí Daoine Fostaithe go díreach sa Tionscal Rásaíochta Capall

**Peter McCarthy** - Ionadaí Úinéirí Capaill Rása

**Seamus Mulvaney** - Ionadaí Geallghlacadóirí Údaraithe

**Cahir O'Sullivan** - Ionadaí ón gComhlacht Rialaitheach Rásaíochta

**Michael Osborne** – Ionadaí ón gComhlacht Rialaitheach Rásaíochta
D'éirigh sé as ar an 18ú Nollaig 2003
(níl sé sa phictiúr)

**Ray Rooney** - Ionadaí ón gComhlacht Rialaitheach Rásaíochta
D'éirigh sé as ar an 18ú Nollaig 2003
(níl sé sa phictiúr)

### Fobhoird & Ceapaithe HRI chuig Boird Eile

**Margaíocht Capaill Folaíochta Éireannacha Teoranta (*Irish Thoroughbred Marketing Limited*)**

**John Kidd – Cathaoirleach**

| | | |
|---|---|---|
| Dermot Cantillon | John Clarke | Joe Foley |
| Jim Gorman | Brian Kavanagh | Joe Osborne |

**Galfchúrsa na hUaimhe Cpt (*Navan Golf Club plc*)**

**William Flood – Cathaoirleach**

| | |
|---|---|
| Raymond Horan | Brian Kavanagh |
| John Kidd | Matt O'Dwyer |

**Tote Éireann Teoranta (*Tote Ireland Limited*)**

**Dermot Cantillon — Cathaoirleach**

| | |
|---|---|
| Alan Byrne | Brian Kavanagh |
| Eamon McElroy | Paul Tansey |
| Paddy Waldron | |

**Cilcoone Teoranta (*Cilcoone Limited*)**

Margaret Davin — Michael Lane

**Ráschúrsa Theach na Síog**

John Kidd

**Ráschúrsa Pháirc Ghabhráin**

Jessica Harrington — Peter McCarthy

**Institiúd Eachaí Idirnáisiúnta, Ollscoil Luimnigh Kirwan**

Dan Kirwan

**Foras Eachaí na hÉireann**

| | |
|---|---|
| Brian Kavanagh | Peter McCarthy |
| John Kidd | |

**Ráschúrsa Luimnigh**

Jerry Desmond — Bob Lanigan

**RACE**

Margaret Davin — Dan Kirwan

# Coistí Bord HRI ar an 31ú Nollaig 2003

**An Coiste Ceapachán agus Luach Saothair**
Cuidíonn siad leis an mBord i gcúrsaí a bhaineann le déantús Bord agus Coistí agus le luach saothair feidhmeannach sinsearach, rud a chinntíonn géilliúlacht le polasaí an Rialtais, le treoirlínte earnáil stáit, agus le forálacha an Achta um Rásaíocht Capall agus Con 2001.
**Denis Brosnan – Cathaoirleach**
Pierce Molony

**An Coiste Iniúchóireachta**
Cuidíonn siad le, agus tugann siad comhairle don Bhord maidir le cúrsaí rialachais agus rialaithe inmheánaigh.
**Pierce Molony – Cathaoirleach**
Eddie Brown Roy Craigie

**An Coiste Geallghlacadóirí**
Comhlíonann siad feidhmeanna an Bhoird i gcúrsaí a bhaineann le rialú oibríochtaí Geallghlacadóirí údaraithe, agus le géilliúlacht leis an Acht um Thionscal Rásaíochta Capall na hÉireann 1994, agus mar a leasaíodh é in achtanna ina dhiaidh sin i leith Geallghlacadóirí agus Gealltóireachta.
**Eddie Brown – Cathaoirleach**
Roy Craigie Raymond Horan
Brian Kavanagh

**An Coiste Airgeadais**
Cuidíonn siad le, agus tugann siad comhairle don Bhord maidir leis na cúrsaí airgeadais agus cuntasaíochta ar fad a bhaineann leis na cuspóirí, mar atá siad leagtha amach sa Phlean Sraitéiseach, a chur ar aghaidh.
**Denis Brosnan – Cathaoirleach**
Roy Craigie Jerry Desmond
Brian Kavanagh Pierce Molony
Peter McCarthy

**An Coiste Coinní**
Bunaíodh an Coiste Rás-Choinní faoi alt 19 den Acht um Thionscal Rásaíochta Capall na hÉireann 1994. Molann siad, de réir na dtéarmaí tagartha cinnte ag an mBord, liosta bliantúil na rás-choinní a shocrú.
**Roy Craigie - Cathaoirleach**
Jerry Desmond Peter McCarthy
Jessica Harrington John Moloney
Seamus Mulvaney

**An Coiste Tobhaigh ar Shearraigh**
Tugann siad comhairle don Bhord i gcúrsaí a bhaineann le hoibríocht na Scéime Tobhaigh ar Shearraigh Folaíochta.
**Peter McCarthy – Cathaoirleach**
Dermot Cantillon William Flood
Derek Iceton John Kidd
Edmund Loder Tim O'Regan
Eimear Mulhern

**Coiste Chearta na Meán**
Déanann siad idirbheartaíocht ar chearta meán de réir alt 10 den Acht um Rásaíocht Capall agus Con 2001.
**Jerry Desmond – Cathaoirleach**
Peter McCarthy
Peter Molony

**Coiste Bhaile na Lobhar**
Cuidíonn siad le, agus tugann siad comhairle don Bhord maidir le bainistíocht agus forbairt ráschúrsa Bhaile na Lobhar.
**Frank Clarke – Cathaoirleach**
**Dave McGrath – Leaschathaoirleach**
Jimmy Farrelly Jessica Harrington
Brian Kavanagh Liam Madden
Philip Myerscough
Breege O'Donoghue
Denis McCarthy – Uachtarán Oinigh Saoil

**Coiste na hUaimhe**
Cuidíonn siad le, agus tugann siad comhairle don Bhord maidir le bainistíocht agus forbairt ráschúrsa na hUaimhe
**William Flood – Cathaoirleach**
**Donal Matthews – Leaschathaoirleach**
Eddie Campbell Gina Galvin
Liam Madden John McCabe
Noel Meade
Michael McEvoy - Uachtarán Oinigh Saoil
Joe O'Sullivan - Uachtarán Oinigh Saoil

**Coiste na gClár**
Dearbhaíonn siad, de réir alt 20 den Acht um Thionscal Rásaíochta Capall na hÉireann 1994, na rás-chláir i leith na gcoinní ar fad.
**Roy Craigie – Cathaoirleach**
Dermot Cantillon Jerry Desmond
Jessica Harrington Peter McCarthy
Seamus Mulvane

# 2003 – Ráiteas an Chathaoirligh

**Rath i 2003**

Ba bhliain rathúil í 2003 do rásaíocht na hÉireann le Bord nua HRI, agus a fhoireann fheithmitheach, ag dul i dtaithí ar a thasc agus ag lainseáil Plean Straitéiseach don tionscal le haghaidh na tréimhse 2003 go 2007.

Ba bhliain bhuaice í do ráschúrsaí Éireannacha le figiúirí freastail iomlána díreach faoi 1.4 milliún. Rinne coinní breise agus rásaíocht iomaíoch a chinntiú gur fhan cáilíocht rásaíochta na hÉireann láidir sa bhaile agus thar lear. Coinníodh 9 gcinn den 10 rás Grúpa ar an réidh sa bhaile i 2003, céad Chlasaiceach, a sháraigh taifid, do Paddy Mullins, 84 bliana d'aois, ar Vintage Tipple sna *Darley Irish Oaks* sa Churrach, san áireamh.

Bhí na heochairtáscairí feidhmiúlachta – gealltóireacht, freastal, duaisairgead, urraíocht, díolacháin agus cláruithe úinéirí – fós láidir don bhliain, ag taispeáint fáis thar gach toise.

**Ratha Éireannach Thar Lear**

Arís eile, bhí an-rath idirnáisiúnta ag capaill traenáilte, póraithe, marcaithe, agus faoi úinéireacht Éireannach, ag buachan seacht rás déag Grúpa/ Grádaithe ar an iomlán sa Ríocht Aontaithe, deich rás Grúpa 1 san áireamh. Le cois ár sé mbuaiteoir i bhFéile Cheltenham, thug Monty's Pass an tríú rath Éireannach laistigh de chúig bliana ag Ardléimrás Náisiúnta Martell (*Martell Grand National*). Bhuaigh Refuse to Bend an 2000 Gine ag Newmarket, agus bhí rath as cuimse ag Hawk Wing i nDuais Lockinge (*Lockinge Stakes)*.

Bhí rath ollmhór ag Nobody Told Me agus David Casey i gCliath Seaimpíní na Fraince (*French Champion Hurdle*), ag Alamshar agus Johnny Murtagh sa Rí Seoirse (*King George*), ag Brian Boru agus Jamie Spencer sa Doncaster St. Leger, agus ar ndóigh, ag High Chaparral agus Michael Kinane i Rás Chorn na bPóraitheoirí (*Breeders Cup)*. Thug Corn na bPóraitheoirí toradh iontach don tionscal pórúcháin le trí bhuaiteoir póraithe in Éirinn. Tá rath idirnáisiúnta dá leithéid fíor-thábhachtach mar fhuinneog taispeána le haghaidh eallach folaíochta Éireannach.

**Plean Straitéiseach**

Buaicphointe mór a bhí i lainseáil Phlean Straitéiseach an HRI i mí an Mhárta, agus le linn aga an phlean leanfaimid ag cur polasaithe i bhfeidhm a mbeidh tairbhe nach beag leo don tionscal. Is é ár ráiteas misin ná chun Éire a fhorbairt agus a chur chun cinn mar ionad barr feabhais domhanda do rásaíocht agus pórú capall, agus tá cruthú earnáil bheomhar ráschúrsaí mar chroílár an Phlean againn.

**Rialachas Corporáideach**

Tá Rásaíocht Capall Éireann tiomanta do na caighdeáin Rialachais Corporáidigh is airde a chaomhnú, agus ghlac sé go réidh leis an gCód Cleachtais ar Rialachas Comhlachtaí Stáit 2001.

Tá na heochair-riachtanais faoin gcód seo, ar nós, Ráiteas ar na Córais Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh, feidhm iniúchóireachta inmheánaigh a chur ar bun, agus Cód Iompraíochta d'Fhostaithe agus Cód Iompraíochta Gnó do Stiúrthóirí, ag feidhmiú anois i Rásaíocht Capall Éireann agus sna fochuideachtaí dá chuid.

**Buíochas**

Ba mhaith liom aitheantas ó chroí a thabhairt don obair ar fad atá déanta ag an Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, Seán Ó Donnchú (*John O'Donoghue*) TD, agus a chomh-Aire Cathal Mac Riabhaigh (*Charlie McCreevy*) TD, An tAire Airgeadais, agus buíochas a ghabháil leo as a gcuid tacaíochta don tionscal rásaíochta capall. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil, chomh maith, le feidhmeannaigh na Ranna seo as ucht a ndílseachta agus a gcuid cúnaimh don tionscal san am atá thart. Tá éad ar an-chuid tíortha eile le tionscal rásaíochta capall na hÉireann, agus níos minice ná rud ar bith eile, luaitear an buntáiste a bhaineann le cur chuige dearfach Rialtais leantacha i leith an tionscail.

Chomh maith leis sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chuid comhghleacaithe Bhoird ar fad, agus leo siúd a bhí ina mbaill de na Boird agus Coistí éagsúla d'fhochuideachtaí Rásaíocht Capall Éireann i rith 2003, i dteannta leis an mbuíon feidhmiúcháin agus an fhoireann, treoraithe ag Brian Kavanagh, as ucht a dtiomantais agus a ngairmiúlachta. Tionscal tábhachtach atá i rásaíocht capall na hÉireann, agus is ranníocóir mór é do shaol na hÉireann, idir go sóisialta agus go heacnamaíoch. Tá an-bhród orm a bheith bainteach leis, agus leanfaidh mé liom ag cur a luach go creatlach sóisialta agus eacnamaíoch na tíre chun cinn.

**Denis Brosnan – Cathaoirleach**

# 2003 – Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh

**<u>Tús Sollúnta</u>**

Ní mór d’athbhreithniú ar bith ar an mbliain rásaíochta 2003, tosú amach le machnamh sollúnta ar an gcaoi gur chaill rásaíocht na hÉireann triúr dá cuid marcach óg is fearr an bhliain sin. Ghlac Kieran Kelly, Sean Cleary agus Timmy Houlihan páirt sa spórt, agus d’fhág siad rian a mbeidh cuimhneamh air ar feadh i bhfad áit ar bith a dtagann an pobal rásaíochta le chéile amach anseo.

I 2003, cuireadh 303 coinne san iomlán ar bun in Éirinn, méadú 24 ó 2002. Bhain líon na rásaí rite ard nua amach le 2,166 acu, agus íocadh €50.4 milliún i nduaisairgead.

Bhí méadú 11% don bhliain ar dhuaisairgead na Seilge Náisiúnta (*National Hunt*) (rásaí ó phointe go pointe san áireamh), áit go raibh méadú 7% ar dhuaisairgead ar an réidh. Bhí méadú sláintiúil de €600,000 ar urraíocht rásaí. Is ábhar sásaimh é go bhfuil an margadh seo láidir i gcónaí, agus táimid ag súil go mór le tuilleadh fáis i 2004.

Taispeánadh méadú 14% ar an mbliain roimhe sin ar ghealltóireacht cúrsa le láimhdeachas de €237 milliún. Den fhigiúr iomlán seo, bhain €183 milliún le geallghlacadóirí cúrsa, bhain €44.3 milliún le gealltóireacht Tote, agus €9.7 milliún le siopaí SP cúrsa.

Ceann de na rudaí is spreagúla faoin mbliain ná an méadú 8.5% ar fhigiúirí freastail ag rás-chruinnithe chuig 1.396 milliún (gan choinní Thuaisceart Éireann á gcur san áireamh). Ciallaíonn an figiúr seo go raibh meánmhéid de 4.985 duine ag gach coinne, figiúr a dhéanann comparáid an-mhaith le náisiúin mhóra rásaíochta eile.

Is dócha go dtugann trí eochairtháscaire an léiriú is fearr ar shláinte fhoriomlán an tionscail, is iad sin go bhfuil méadú 3.7% ar líon na gcapall faoi thraenáil, gur ardaíodh líon na gcláruithe úinéirí sa bhliain 4% chuig 850, agus gur tháinig méadú gar do 2% ar luach díolacháin folaíochta chuig €114 milliún. Chomh maith leis sin, meastar gur tháinig isteach nó amach ar €121 milliún eile ó dhíolacháin eallach folaíochta Éireannach thar lear agus go príobháideach.

Ba bhliain an-rathúil ar an gcúrsa í 2003 d'ainmhithe traenáilte, marcaithe agus póraithe in Éirinn, agus tá aird dírithe ar na héachtaí seo in áit eile den tuarascáil seo.

Taobh amuigh den chúrsa, ba í lainseáil a Phlean Straitéiseach don tionscal, i mí an Mhárta, buaicphointe 2003 do Rásaíocht Capall Éireann. Tá an ráiteas misin atá roghnaithe ag HRI "chun Éire a fhorbairt agus a chur chun cinn mar ionad barr feabhais domhanda do rásaíocht agus pórú capall", ina ráiteas misin réalaíoch. Léireofar buntáistí na straitéisí, a leanfaí HRI leis an misean seo a chur i gcrích, i dtimpeallacht eacnamaíoch, chúltúrtha agus shóisialta na tíre.

Leagadh amach roinnt eochairspriocanna sa Phlean sna réimsí seo a leanas:

1) Cistiú
2) Ráschúrsaí
3) Sláine
4) Forbairt táirgí
5) Tote
6) Pórú
7) Traenáil, oideachas agus fostaíocht
8) Teicneolaíocht faisnéise

Is cúis áthais dom a rá go raibh gach ceann de na heochairtascairí eacnamaíocha sa chéad bhliain den Phlean céim ar chéim leis na spriocanna a leagadh amach.

**Scéim Tobhaigh ar Shearraigh Folaíochta**

Ba í 2003 an ceathrú bliain den Scéim Tobhaigh ar Shearraigh, agus bhí ioncam de €1.33 milliún don bhliain, i gcomparáid le €1.28 milliún don bhliain roimhe sin. D'íoc breis agus 5,000 póraitheoirí an tobhach seo i leith na 10,508 searrach a rugadh. De réir na reachtaíochta, baineadh leas as fáltais an tobhaigh chun tairbhe infrastrúchtúr na hearnála póraithe, agus mhol Coiste Tobhaigh ar Shearraigh an HRI leithdháiltí chuig na comhlachtaí seo a leanas:

- Ionad Eachaí na hÉireann (*Irish Equine Centre*)
- Cumann Póraitheoirí Folaíochta na hÉireann (*Irish Thoroughbred Breeders' Association)*
- Margaíocht Capaill Folaíochta Éireannacha (*Irish Thoroughbred Marketing*)
- Údarás Crúdóireachta Capall na hÉireann (*Irish Farriery Authority*)
- Iontaobhas Leas Capall na hÉireann *(Irish Horse Welfare Trust*)

Lena chois sin, tugadh isteach Scéim Duaiseanna Póraitheoirí nuair a lainseáladh an Tobhach ar Shearraigh, agus íocadh €152,000 le póraitheoirí faoin scéim anuraidh.

**TOTE**

Bhí an bhliain go deo ag Tote Éireann (*Tote Ireland*) i 2003, agus é ag fás go láidir i ngach réimse. Bhí láimhdeachas iomlán de €44.3m don 12 mhí aige, figiúr a bhí méadaithe €5.5m nó 14.1% ón mbliain roimhe sin.

Ag €41.5m, bhí méadú €3.9m nó 10.5% ar láimhdeachas rásaíocht na hÉireann thar an mbliain roimhe sin. San áireamh i láimhdeachas rásaíocht na hÉireann tá €0.6m geallta i Linnte Éireannacha ón Ríocht Aontaithe.

Taispeánadh fás iontach i gcumasc i linnte eachtrannacha, le €2.83m á ghealladh, i gcomparáid le €1.30m i 2002. Tá Tote Éireann ag cur geallta sna rás-chruinnithe ar fad sa Ríocht Aontaithe. Tá fáil, trí chumasc, ar na geallta *Win*, *Place* agus *Exacta*. Tá obair ar bun i gcónaí le táirgí breise ar nós an *Jackpot* agus *Placepot* a chur ar fáil le haghaidh cumaisc go luath.

Baineadh roinnt taifid iomráiteacha Tote amach i 2003, le taifid úrnua náisiúnta Tote de €1.74m i nGaillimh ar an 31ú Iúil. Bhí taifid cúrsaí de €1.02m sa Churrach ar Lá an Dearbaí, agus de €954k i mBaile Phoinse ar an 30ú Aibreán. Rinneadh láimhdeachas ollmhór de €7.5m i bhFéile Shamhraidh seacht lá na Gaillimhe, figiúr a méadaíodh €0.8m ar an mbliain roimhe sin.

I mí Aibreáin 2003, laghdaigh Tote Éireann a choinneáil ar an Linn Bhuaite do rásaí le 10 dtosaitheoir, nó níos lú, ó 20% go 10%. Bhí tionchar an-mhór aige seo ar na díbhínní íoctha ar na rásaí seo i gcomparáid le praghasanna na ngeallghlacadóirí. Den 457 rás, ar bhain an choinneáil níos ísle leo, d'íoc 274 nó 60% acu praghas níos fearr ná praghas comhfhreagrach na ngeallghlacadóirí. Ba €5.74 meándíbhinn Tote le haghaidh na rásaí seo, in aghaidh €4.66 ó na geallghlacadóirí.

Rinneadh tástáil mhór ar theicneolaíocht GPRS i rith na bliana. Bainfear úsáid as an teicneolaíocht seo mar ardán cumarsáide na Meaisíní Bainc Láimhe. Thug an Tote na meaisíní láimhe seo isteach chuig na rás-chúrsaí in earrach 2004. Le taobh teicneolaíocht GPRS a bheith níos éifeachtúla ó thaobh costas ná ardáin chumarsáide eile, ligfidh sé don Tote a raon táirgí a chur ar fáil trí na meaisíní láimhe go díreach chuig na pátrúin ráschúrsa dá chuid i mbeáir agus i mbialanna.

Sa bhliain chéanna, thug Tote Éireann córas íocaíochtaí dreasachta isteach do ráschúrsaí, agus íocadh, ar an iomlán, €550,000 don bhliain do ráschúrsaí faoin gceannteideal seo. Bunaíodh íocaíocht ar líon an láimhdeachais Tote saothraithe ag gach cúrsa. Sheas an tsuim a íocadh mar 1.3% de láimhdeachas cúrsa. Tá fáilte ó chroí curtha roimh an dreasacht seo ag na ráschúrsaí.

Bhí brabús €2.1 milliún don bhliain, roimh sholáthairtí, méadú €0.5 milliún ar an mbliain roimhe sin. Baintear úsáid as an mbrabús ar fad ginte ag Tote Éireann le haghaidh ath-infheistíochta sa ghnó nó chun tairbhe na rásaíochta.

**Baile na Lobhar**

Bhí an-chríoch le 2003 do Bhaile na Lobhar leis an bhfreastal is airde riamh ag an bhFéile Nollag traidisiúnta. D'fhreastail breis agus 61,000 duine ar Fhéile ceithre lá na Seilge Náisiúnta, a mbeidh cuimhneamh uirthi ar feadh i bhfad de bharr sárfheidhmíocht Best Mate i rith deireanach na Tóraíochta Ericsson (*Ericsson Chase*) faoin urraíocht teidil úd. Tairiscint mhuiníne indíreach do cháilíocht an rása agus do choinníoll an ráschúrsa a bhí sa chinneadh buaiteoir reatha an Choirn Óir a rith i mBaile na Lobhar.

Sháraigh freastal na bliana iomláine ag Baile na Lobhar 184,000 duine. Tá na cruinnithe nónta samhraidh Miller, oícheanta Céadaoin agus Déardaoin araon, ag dul i dtreis i gcónaí le breis agus 41,000 duine ag freastal orthu.

I gcuid mhaith bealaí sheas "Ireland, the Food Island Champion Stakes", a thug gleic iontach eile, mar bhuaicphointe na bliana rásaíochta i mBaile na Lobhar. Sheas an rás i 2003 mar an rás is airde gráid rite in Éirinn riamh, agus an dara ceann is fearr sa domhan (ag teacht díreach i ndiaidh an Prix de l'Arc de Triomphe). Eatarthu, bhí seacht mbua déag Grúpa 1 bailithe ag an seacht dtosaitheoir, agus €13m i nduaisairgead buaiteora amháin. I ndiaidh rás ardiomaíoch bhí bua ag High Chaparral, traenáilte in Éirinn. Ní miste a thabhairt faoi deara gur póraíodh sé cinn den seacht dtosaitheoir sa rás seo in Éirinn.

Fuair Baile na Lobhar cead pleanála i 2003 don fhorbairt mholta ar a charrchlós, clós stáblaí agus ionad gailf. Táthar ag súil go gcuirfear tús leis an obair seo i 2004. Tá an fócas pleanála dírithe anois ar na hardáin, an seomra meáite, an fáinne taispeántais, na bealaí isteach, an chreis agus na limistéir chúnta a fhorbairt, le stádas Bhaile na Lobhar mar cheann de na príomhchúrsaí idirnáisiúnta a láidriú.

Tá Baile na Lobhar ag súil go mór le hoscailt acomhail Áth an Ghainimh agus Carraig Mhaighin, rud a chuirfidh go mór leis an ráschúrsa de thoradh bóithre rochtana sainithe, agus chomh maith leis sin, cabhróidh an tseirbhís iarnróid éadroim LUAS chuig heastáit tionsclaíoch Áth an Ghainimh leis.

**An Uaimh**

D'fhreastail 48,384 ar an sé chruinniú dhéag a bhí ar bun san Uaimh le linn 2003, le láimhdeachas geallta, méadaithe beagáinín, de €11.2 milliún. Mar a léiríodh le blianta beaga anuas, bhí feidhmíocht urraíochta ag ráschúrsa na hUaimhe fós láidir, le breis agus 60% de na rásaí ar fad urraithe.

Tá a phlean forbartha curtha i gcrích ag Coiste Rásaíochta na hUaimhe maidir leis an ráschúrsa, ag díriú isteach, ach go háirithe, ar an gclós stáblaí, an seomra meáite, agus áiseanna poiblí. Tosóidh obair ar an tionscadal seo go luath.

**Tuarascáil ar Mhargaíocht**

Bliain bhuaice a bhí ann do Ráschúrsaí na hÉireann i 2003, le figiúirí freastail iomlána díreach faoi bhun 1.4 milliún. Tá Straitéis Margaíochta HRI dírithe ar na figiúirí a mhéadú, le béim, ach go háirithe, ar an aoisghrúpa 20 - 29. Díríodh ar na príomhfhéilte mar 'eochairphointí iontrálacha' don aoisghrúpa seo, agus fuarthas tacaíocht ó fheachtas Fógraíochta Teilifíse suntasach, a bhí aitheanta leis an ardghradam 'Silver Shark' ag Dámhachtain Fógraíochta Idirnáisiúnta Chionn tSáile.

Forbraíodh feachtais raidió náisiúnta agus áitiúla le tacaíocht a thabhairt do ráschúrsaí ar fud na tíre, i dteannta le feachtais poist gnó le gnó agus díreach chuig an tomhaltóir.

Thug HRI urraíocht do chlár rásaíochta nua ar TV3 le sraith shamhraidh 13 sheachtain. Bhí figiúr carnach lucht féachana de bhreis agus milliún duine ag 'Go Racing'.

Leanadh le forbairt suíomh Gréasáin agus bunachar sonraí i rith na bliana, le breis agus 7,000 cuairteoir uathúla in aghaidh na seachtaine ag tabhairt cuairt ar www.hri.ie, a raibh áis ann le clárú ar líne le haghaidh nuashonruithe rásaíochta seachtainiúla agus foláirimh téacs.

I mí Aibreáin 2003, lainseáladh Fóram Comhairliúcháin na nGnáthóirí Rásaí, agus lean sé leis le cruinnithe rialta le tuairimí gnáthóirí rásaí timpeall na hÉireann a ardú ar cháilíocht an táirge rásaíochta curtha ar fáil.

Sa chuid dheireanach den bhliain, d'earcaigh HRI an phearsantacht teilifíse agus rásaíochta, Hector Ó hEochagain, le bheith mar aghaidh feachtais fógraíochta agus tionscnaimh don HRI go ceann trí bliana.

Ba mhór ag HRI, chomh maith, aitheantas a thabhairt do ghnóthachtálacha laochra an spóirt le tionscnamh Dámhachtainí Rásaíochta na hÉireann, agus le hurraíocht Dhámhachtainí tionscnaimh Chumann Giollaí Capall na hÉireann.

**Margaíocht Capaill Folaíochta Éireannacha**

Agus muid ag labhairt faoi shéasúr 2003 is iomaí capall a ritheann linn – capaill folaíochta den chéad scoth le ní coitianta amháin eatarthu, capaill Éireannacha atá iontu ar fad.

Gan dabht, seasann Rás Chorn na bPóraitheoirí (*Breeders Cup Turf)* i Santa Anita, mar cheann de na hócáidí is suntasaí den bhliain, áit go raibh coimhlint chothrom idir High Chaparral (Éire) agus Johar os comhair an domhain. Bhí fuadar dochreidte sa té a bhí ag breathnú ar an rás áirithe sin.

Chuir Dermot Weld tús leis an séasúr ar an réidh le bua sonrach do chapaill póraithe agus traenáilte in Éirinn, leis an 2000 Gine ag Newmarket á bhuachan ag Refuse to Bend.

Sa bhaile, bhí ceannasaíocht ag an Mórgacht, an Aga Khan, ar Dhearbaí Budweiser na hÉireann agus a dhá bhromach, Alamhshar (Éire) agus Dalakhani (Éire) á rith aige. Bhuaigh Alamshar an corn.

Níl anseo ach corrshampla de chuid de na capaill folaíochta Éireannacha a chuir draíocht ar lucht leanúna rásaíochta ar fud an domhain. Chuir capaill eile, ar nós Vinnie Roe (Éire) agus Vintage Tipple (Éire), leis an mbailiúchán suntasach dár gcuid d'eallach folaíochta den chéad scoth, a mbíonn in úsáid ag ITM leis an rath a thaispeáint a thagann de thoradh capaill folaíochta Éireannacha d'ardcháilíocht a cheannach.

Séasúr iontach eile a bhí i 2003 do chapaill Seilge Náisiúnta póraithe in Éirinn, le bua ag Best Mate, don dara huair, sa Chorn Óir (*Gold Cup)* agus ag Monty's Pass in Ardléimrás Náisiúnta Aintree (*Aintree Grand National*), le tosaitheoirí póraithe in Éirinn ag buachan chomhrásaí na hAlban, na Breataine Bige agus na hÉireann. Léirigh Féile Cheltenham go sóiléir príomhaíocht capall póraithe in Éirinn i réimse na Seilge Náisiúnta sa Ríocht Aontaithe le seacht mbua Grád 1 do chapaill póraithe in Éirinn, ag cur san áireamh na trí cinn Moscow Flyer, Back in Front agus Hardy Eustace traenáilte in Éirinn.

Lean ITM ag glacadh páirt thábhachtach i gceannaitheoirí thar lear a spreagadh i dtreo na hÉireann mar ardsuíomh le capaill folaíochta d'ardcháilíocht a cheannach. Bhain 1060 ceannaitheoiri ó 21 tír éagsúla leas as an gClár Ceannaitheoirí Isteach i 2003, ag cur san áireamh ceannaitheoirí ón Iosrael, ón Rúis agus ón tSile don chéad uair. I gcaitheamh na bliana d'eisigh ITM a nuachtlitir sheachtainiúil chuig 2,500 teagmhálaithe ar fud an domhain. Chomh maith leis sin, chuir sé faisnéis ar fáil ar bhonn leanúnach faoi ghníomhaíocht ar an réidh agus gníomhaíocht Seilge Náisiúnta in Éirinn. Le foireann óigeanta ITM ag oibriú le chéile le dhá bhliain anuas, tá caidrimh láidre cruthaithe le cliaint timpeall an domhain. Chabhraigh síorphróiseas cumarsáide go mór leis seo.

Bhain 632 duine leas as tionscnamh “Úinéirí Nua” ITM i rith na bliana, méadú 8% ar 2003, le 850 úinéirí céad-uaire ag clárú le HRI le linn na tréimhse céanna.

## Airgeadas

Tá an fhaisnéis airgeadais don bhliain dar críoch Nollag 2003 curtha i gcomparáid le tréimhse 54 seachtain roimhe sin. De thoradh air seo, tá dhá fhéile Nollag comhshnaidhmthe sna figiúirí comparáideacha: Nollaig 2001 agus Nollaig 2002, don Rannán Ráschúrsaí agus gníomhaíocht Tote araon.

Ba í 2003 an chéad bhliain de Phlean Straitéiseach nua HRI. Bhí méadú 4.6% don tréimhse ar láimhdeachas, i gcomparáid leis an tréimhse 54 seachtain i 2002. Nuair a bhaineann tú amach éifeacht na coicíse breise i 2002, áfach, tá an láimhdeachas de €53.1m méadaithe 12% nó €5.6m thar an bhfigiúr €47.5m i 2002 (tréimhse 52 seachtain).

Baineann an méadú láimhdeachais seo go príomhúil le méadú 14% nó €5.467m ar an Tote agus méadú €358k nó 5% ar láimhdeachas na ráschúrsaí (tréimhse 52 seachtain).

Bhí laghdú €220k ar ioncam gealltóireachta de thoradh titim sa táille sheasta iníoctha ag geallghlacadóirí cúrsaí le HRI ó €2,540 in aghaidh na bliana go €500 in aghaidh na bliana ó mhí Lúnasa 2002. Bhain méadú an Tote le 22 coinne breise, chomh maith le €1.5m breise cumasctha ó ghealltóireacht ar níos mó coinní sa Ríocht Aontaithe.

## Barrachas

Bhí brabús glan €2.138m ag an Tote. As an mbrabús seo, d’íoc an Tote díbhinn €500,000 le HRI, gearradh costais chuíchóirithe de €443,000 air, agus d’íoc sé €550,000 le ráschúrsaí, chomh maith, leis an ioncam seo a infheistiú i dtreo tuilleadh feabhsúcháin cúrsaí.

HRI a ghin an chuid is mó d’fhuíoll an bharrachais grúpa. Tá an barrachas seo de dhíth le hiasachtaí a aisíoc, infheistíocht a dhéanamh i gcaiteachas caipitiúil, agus le soláthar do na forbairtí suntasacha á bpleanáil ag ráschúrsaí faoin gClár Forbraíochtaí Caipitiúla nua.

**Ioncam Eile**

Léiríonn an t-ioncam eile de €81.8m, i gcomparáid le €81.4m, titim sa Chiste Capall agus Con, mar a mhínítear thíos, ach bhí méadú i ranníocaíochtaí ioncam agus dhuaisairgead na hOifige Clárlainne de bharr éifeacht na bliana iomlán den ghníomhaíocht seo a aistríodh ón *Turf Club* i mí na Bealtaine 2002. Léiríonn 2002 bliain pháirteach (ón 1 Bealtaine 2002) in asbhaintí ioncam agus dhuaisairgead na hOifige Clárlainne.

Bhí laghdú €4.8m ar an gCiste Capall agus Con i 2003 in aghaidh 2002. Nuair a bhaineann tú éifeacht eilimint 2001 i bhfigiúr na bliana roimhe amach, tá titim €3.1m nó 5.7% i gceist. Baineann an titim seo leis an leibhéal níos ísle, 2%, a bhfuil an Ciste ceangailte leis ón laghdú i nDleacht Ghealltóireachta As Cúrsa i mí na Bealtaine 2002.

**Caiteachas**

Bhí laghdú i gcaiteachas grúpa, €72.808m, ón bhfigiúr €72.899m i 2002. Baineann an méadú i nduaisairgead go príomhúil leis na coinní breise bliain ar bhliain de 24.

Tá an méadú i ranníocaíochtaí duaisairgid ó úinéirí agus urraí bunaithe ar thréimhse dhá mhí dhéag curtha i gcomparáid le tréimhse ocht mí, ó aistríodh an Oifig Chlárlainne i 2002, chomh maith leis na coinní breise.

Faoi Amúchadh an Chiste Forbraíochtaí Caipitiúla bhí titim €7.3m i gcaiteachas toisc go raibh tromlach na ndeontas aisíoctha go hiomlán faoi dheireadh 2002. Ag an bpointe seo, tá €45.610m íoctha ar dheontais forbraíochta faoin tseanscéim.

I bhfuíoll an chaiteachais tá méadú €938k ar Chostais Sláine, de thoradh na gcoinní breise, ach go háirithe, chomh maith le costais dlí breise, costais tástála drugaí agus méadú ar ranníocaíocht pinsean. Bhí méadú €681k nó 33% ar íocaíochtaí feabhsúcháin ráschúrsa de thoradh urraíochta agus scéimeanna dreasachta Tote. Laghdaíodh deontais Sábháilteachta agus Sláinte toisc nach raibh an scéim níos mó ná tosaithe i 2003.

Bhí na deontais íoctha le comhlachtaí tionscail níos ísle ná 2002 toisc gur íocadh deontas aon uaire i 2002 le hIonad Eachaí na hÉireann le forbairt chaipitil shuntasach a chumasú.

De thoradh an chláir teilifíse 'Go Racing', ach go háirithe, bhí méadú €346k ar chostais ghinearálta margaíochta agus tionscnaimh. Faigheann sé seo tacaíocht ó thiomantas HRI i leith feachtas margaíochta láidir don tionscal rásaíochta agus póraithe, agus leanfaidh sé leis ag cistiú cláir teilifíse chomh maith le ranníocaíochtaí fógraíochta do ráschúrsaí áitiúla. Baineadh úsáid as ranníocaíocht ITM ón tionscal, €649k, i dteannta le ranníocaíocht bhreise de €1m ó HRI, le tionscnaimh a chistiú a chinntíonn go bhfuil ainm láidir ag an gCapall Folaíochta Éireannach sa bhaile agus thar lear. Ba chóir go leanfadh úinéireacht agus urraíocht ag fás trí infheistíocht bhreise i margaíocht an tionscail, ag cinntiú go gcuireann Éire lena cáil mar Ionad Barr Feabhais Domhanda.

**<u>Buíochas</u>**

Mar chonclúid, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le mo chuid comhghleacaithe bainistíochta agus le foireann Rásaíocht Capall Éireann (idir lánaimseartha agus pháirtaimseartha) as ucht a gcion tairbhe sonrach i rith bliain rathúil do rásaíocht na hÉireann. Bhí ardchaighdéan oibre ag foireann na bhfochuideachtaí (Tote Éireann, Ráschúrsaí HRI agus TMI) chomh maith. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt, chomh maith, do thacaíocht shuntasach an Chathaoirligh, Denis Brosnan, do bhaill Bhord agus baill Choiste Rásaíocht Capall Éireann as ucht a dtreoir leanúnach ar cheisteanna polasaí, agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil le feidhmeannaigh ár Roinn urraíochta – an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta – as ucht a gcuid síorthacaíochta agus caidrimh chomhchuí atá, gan dabht ar bith, mar an-tairbhe go deo don tionscal i gcoitinne.

**Brian Kavanagh – Príomhfheidhmeannach**

# 2003 – Athbhreithniú ar Rásaíocht na hÉireann

**Tús na Bliana**

Go luath i mí Eanáir, bhuaigh Xenophon (12/1), traenáilte ag Tony Martin, Cischliath Pierse (*Pierse Handicap Hurdle*) i mBaile na Lobhar faoi mharcaíocht a bhí measta go maith ag Mick Fitzgerald. Coicís ina dhiaidh, ansin, bhuaigh Like-A-Butterfly de chuid Christy Roche díreach ar Limestone Lad i ngleic iontach do Chliath Seaimpíní AIG na hEorpa (*AIG Europe Champion Hurdle*) ar an gcúrsa céanna. I ndiaidh dó an Tóraíocht Ericsson (*Ericsson Chase*) 2002 a bhuacan i mBaile na Lobhar ag druidim le deireadh mhí na Nollag, bhí gach duine ag breathnú ar Beef Or Salmon, traenáilte ag Michael Hourigan, go luath i mí Feabhra i gCorn Óir Hennessy Cognac. Ní raibh cúis ghearáin ag a lucht leanúna nuair a bhí bua maith aige faoi Timmy Murphy, agus, ar an lá céanna, bhuaigh Solerina de chuid James Bowe thar Hardy Eustace i gCliath Nóibhíseach Deloitte agus Touche (*Deloitee and Touche Novice Hurdle*), agus ghlac Barrow Drive Cliath Nóibhíseach an Dr. P. J. Moriarty (*Dr. P.J. Moriarty Novice Chase*) i ndiaidh titim Le Coudray ag an bhfál deireanach.

**Na hÉireannaigh i Cheltenham agus Aintree**

Bhí an-rath go deo ag na hÉireannaigh i Cheltenham le sé bhuaiteoir thar an trí lá. Bhuaigh Back in Front de chuid Edward O'Grady an Sárchliath Nóibhíseach (*Supreme Novices Hurdle*) oscailte in ardstíl, agus ghlac Youlneverwalkalone Léimrás Cise William Hill (*William Hill Handicap Steeplechase*) faoi stiúir Barry Geraghty. Ar an dara lá, chuir Moscow Flyer, traenáilte ag Jessica Harrington, taispeántas den scoth ar bun, le Tóraíocht Seaimpíní Mháthair na Banríona (*Queen Mother Champion Chase*) a bhuachan, ag taispeáint chúis a theidil mar 'baincéir' na hÉireann, agus bhuaigh Hardy Eustace de chuid Dessie Hughes Cliath Sun Alliance (*Sun Alliance Hurdle*) do Kieran Kelly. Thug Xenophon de chuid Tony Martin diansceilp do na geallghlacadóirí, ansin, nuair a ghlac sé an Corn Coral (*Coral Cup*). Chuir an marcach Barry Geraghty críoch foirfe le seachtain iontach le bua ar Spirit Leader de chuid Jessica Harrington i gCischliath an Chontae (*County Handicap Hurdle*) ar an Déardaoin. Ach, ní dea-scéal ar fad a bhí ann do na hÉireannaigh, áfach, nuair a thit Beef Or Salmon go luath sa Chorn Óir (*Gold Cup*), a bhuaigh Best Mate ar deireadh i sárstíl.

**Féilte Seilge Náisiúnta na hÉireann**

Bhí sé bhuaiteoir eile ag na hÉireannaigh go luath i mí Aibreán, ansin, ag Cruinniú an Ardléimráis Náisiúnta (*Grand National*), agus bua Monty's Pass, traenáilte ag Jimmy Mangan, san Ardléimrás Náisiúnta Aintree Martell mar bhuaicphointe na dtrí lá. Agus é ag fáil tacaíochta ó phraghsanna taitneamhacha sna seachtainí roimh an rás, léim Monty's Pass (16/1) go hiontach tríd agus mheallac sé abhaile dhá fhad déag chun tosaigh faoi fhear mór na huaire Barry Geraghty, agus bhí an-cheiliúradh in imfhálú na mbuaiteoirí nuair a d'fháiltigh Siondacáit Rásaíochta Dee roimh a gcapall. Ag an gcruinniú céanna, bhuaigh Sacundai de chuid Edward O'Grady Cliath Martell (*Martell Hurdle*) a raibh éirí croí ann agus é ag fáil an lámh in uachtar ar Rooster Booster de cheann, agus d'fhógair an marcach Éireannach Charlie Swan go raibh sé ag éirí as an marcaíocht i ndiaidh dó bua a fháil ar Patriot Games ar an Aoine.

Sa bhaile, bhuaigh Timbera, traenáilte ag Dessie Hughes, Ardléimrás Náisiúnta Powers na hÉireann os comhair slua mór ag Teach na Síog ar Luan Cásca, agus an tseachtain ina dhiaidh sin bhí rath ollmhór ag an bhFéile Rásaíochta Seilge Náisiúnta i mBaile Phoinse áit gur bhain figiúirí freastail agus leibhéil ghealltóireachta arda nua amach. Baineadh an-gheit as gealltóirí, áfach, nuair a thit Moscow Flyer ag an bhfál roimh an gceann deireanach i Léimrás BMW (*BMW Steeplechase*) ar an lá oscailte, rud a shaoraigh Flagship Uberalles le bua suntasach a chlárú.

An lá ina dhiaidh ansin, bhí First Gold, traenáilte ag Francois Doumen, ar an gcéad chapall traenáilte sa Fhrainc a bhuaigh i mBaile Phoinse nuair a chuaigh sé ar ceann riain i gCorn Óir Heineken Bhaile Phoinse. Déardaoin, bhí na hionsaitheoirí eachtrannacha chun tosaigh athuair nuair a thug Sporazene agus Le Roi Miguel dúbailt ghalánta do thraenálaí Paul Nicholls agus marcach Ruby Walsh i gCliath Seaimpíní 4YO IAWS (*IAWS 4YO Champion Hurdle*) agus i gCorn Swordlestown faoi seach. Chuir traenálaí Jonjo O'Neill críoch le sársheachtain do na hionsaitheoirí nuair a mharcaigh sé ar Quazar leis an gceann is fearr a fháil ar Back in Front i gCliath Seaimpíní Ola Emo (*EMO Oil Champion Hurdle*) ar an Aoine.

**<u>Ar an Réidh</u>**

Ar an réidh, chuir traenálaí Dermot Weld Refuse to Bend amach leis an 2000 Gine Sasanach a bhuachan ag Newmarket go luath i mí na Bealtaine, agus coicís ina dhiaidh rith Hawk Wing, traenáilte ag Aidan O'Brien, an-rás chun tosaigh le Duais Lockinge (*Lockinge Stakes*) a bhuachan ag Newbury le haon fhad déag dochreidte le spáráil. Go deireanach i mí na Bealtaine ghlac Indian Haven, traenáilte ag Paul D'Arcy, an 2000 Gine ag deireadh seachtaine Giní Entenmann na hÉireann sa Churrach faoi John Egan, agus an lá dar gcionn, bhí ceann gearr ag Yesterday de chuid Aidan O'Brien thar Six Perfections leis an 1000 Gine a bhuachan i rás den chéad scoth a chuir críoch le lá sonrach do chaidrimh i ndiaidh do Black Sam Bellamy Corn Óir Tattersall a thógáil in ardstíl.

## Dearbaí Epsom agus Dearbaí na hÉireann

Bhí dúshlán Éireannach láidir i leith Dearbaí Epsom go moch i mí an Mheithimh ach bhí an bua ag Kris Kin, traenáilte ag Michael Stoute, a fuair an lámh in uachtar ar The Great Gatsby agus Alamhshar i gcríoch cóngarach. Agus ní raibh ádh ar bith le Yesterday de chuid Aidan O'Brien san Epsom Oaks, áit gur chaill sí do Casual Look de chuid Andrew Balding i ndiaidh di rith uafásach a fhualaingt ar an díreach. Go deireanach i mí an Mheithimh, fuair Alamshar, traenáilte ag John Oxx, an ceann is fearr ar Dalakhani le Dearbaí Budweiser na hÉireann a bhuachan os comhair lucht féachana ollmhór sa Churrach, le Roosevelt de chuid Aidan O'Brien, a chríochnaigh sa tríú háit, mar an gceann is fearr den sé thosaitheoir dá chuid. Bhí Alamshar mar thosaitheoir amhrasach go maidin an ráis i ndiaidh dó a bheith cráite ag fadhb droma leanúnach. Ach, tar éis cuid mhaith fisiteiripe d'oibrigh cúrsaí amach ar deireadh agus bhain an lucht féachana mór an-sult as an mbua áitiúil seo.

**Míonna an tSamhraidh**

Coicís ina dhiaidh agus bhí Paddy Mullins, an seantraenálaí, chun tosaigh sa nuacht lena chéad bhuaiteoir Clasaicigh riamh nuair a tháinig Vintage Tipple (12/1) go deireanach agus go mear leis an *Darley Irish Oaks* a bhuachan faoi Frankie Dettori. Chuir Mullins críoch le dúbailt iontach ansin, nuair a ghlac Nearly A Moose Pláta Hewlett Packard na Gaillimhe i bhFéile seacht lá na Gaillimhe ag druidim le deireadh mhí Iúil. Arís eile, d'eirigh le Féile na Gaillimhe taifid a bhriseadh ar bhonn laethúla le figiúirí freastail agus leibhéil ghealltóireachta ollmhóra mar cheann de ghnéithe na seachtaine. Baineadh anáil de lucht rásaí le bás an marcach Seilge Náisiúnta Kieran Kelly, i ndiaidh titime i gCill Bheagáin go luath i mí Lúnasa, agus é ar an gcéad mharcach le bás a fháil ar ráschúrsa na hÉireann ó 1986. Agus pobal rásaíochta na hÉireann ag iarraidh dul i ngleic leis an tragóid, chuaigh cúrsaí in olcas nuair a fuair an marcach printísigh Sean Cleary bás tar éis bascadh cloiginn faighte de thoradh titime i nGaillimh go deireanach i mí Dheireadh Fómhair. Agus ansin, i mí na Samhna, fuair a gcomh-mharcach Timmy Houlihan bás i gcúinsí tragóideacha.

**Deireadh an tSamhraidh**

